Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Pleanáil Scoile Uile agus Féinmheastóireacht Scoile

## Leabhrán Tascanna Réamhcheardlainne

## 2023-2024

### Eispéiris Foghlaimeoirí ar mhaithe le hOideachas Ardchaighdeáin, Uileghabhálach agus Ábhartha

CC BY NC

# Réamhrá

Cén cuspóir atá leis an acmhainn seo?

Tá tascanna réamhcheardlainne i gcomhair ranna ábhair agus múinteoirí aonair le fáil sa doiciméad seo. Beidh do thuairimí ó do chuid oibre leis an leabhrán seo ina spreagadh le haghaidh gníomhaíochtaí agus tuilleadh machnaimh mar chuid den fhoghlaim ghairmiúil leanúnach san Fhéinmheastóireacht Scoile agus sa Phleanáil don Scoil Uile ar an lá seo ar Chur i bhFeidhm na Sraithe Sóisearaí.

Cabhróidh sé libh sprioc fhianaise-bhunaithe (do ranna ábhair) agus straitéis (do mhúinteoirí aonair) a aithint a bheas mar ghné lárnach den lá seo ar fheidhmiú na Sraithe Sóisearaí.  Ní mór daoibh an doiciméad seo a chomhlánú roimh lá chur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí.

Conas dul i ngleic leis an acmhainn seo?

Roimh an gceardlann, tá dhá thasc le cur i gcrích agat. Tá na tascanna sin le fáil sa doiciméad seo.

Tasc 1 - Ní mór do gach roinn ábhair tabhairt faoi thasc na Roinne Ábhair. Tosaíonn Tasc 1 ar leathanach 2.

Tasc 2 – Ba cheart do gach múinteoir aonair tabhairt faoin Tasc don Mhúinteoir Aonair. Tosaíonn Tasc 2 ar leathanach 4.


Mholfaimis am a cheadú ag cruinniú den roinn ábhair roimh bhur lá foghlaim ghairmiúil chun na tascanna seo a chur i gcrích.

# Tasc 1- Tasc na Roinne Ábhair

I gcomhairle le do chomhghleacaithe sa Roinn Ábhair, sainaithnígí sprioc a bhaineann go sonrach le hábhar a ba mhaith libh a chur chun cinn mar chuid de bhur gcuid foghlaim ghairmiúil ar lá chur i bhfeidhim na Sraithe Sóisearaí.

Is féidir gur sprioc í a  ba mhian leis an roinn ábhair a thabhairt isteach, atá á tosú agaibh faoi láthair, nó atá sibh ag iarraidh a leabú thar na ranganna uile. Beidh an sprioc sin mar fhócas don chuid luath den fhoghlaim ghairmiúil ar an lá.

Is féidir an sprioc a aithint ón liosta réimsí seo a leanas a mholtar




Baintear úsáid as an mbileog oibre ar an gcéad leathanach eile chun cabhrú leis an bpleanáil don lá.


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

## Tasc na Roinne Ábhair

Sprioc a Shainaithint

Cén Sprioc don Roinn Ábhair a d'aithin sibh a ba mhaith libh a fhorbairt a thuilleadh?

An réasúnaíocht leis an sprioc aitheanta:

Cén fáth ar roghnaigh sibh an sprioc seo?

Cén fhianaise ar ar bhunaigh sibh an sprioc seo?

Cén chéim ag a bhfuil an sprioc agus cén fhianaise atá agaibh go bhfuil an sprioc ag an bpointe sin?

Cuir ciorcal timpeall ar an gcéim a bhfuil an sprioc seo aige:

Tabhairt isteach (tá an sprioc ag céim na pleanála)

Tosú (triaileadh an sprioc i sampla beag de na ranganna)

Leabú (tá an sprioc curtha i bhfeidhm in go leor ranganna).

Fianaise ar thionchar:

# Tasc 2- Tasc an Mhúinteora Aonair

Trí mhachnamh a dhéanamh ar do chleachtas féin i do sheomra ranga, an féidir leat straitéis teagaisc amháin a aithint a ba mhaith leat a roinnt le comhghleacaithe do roinne? Seo thíos roinnt réimsí molta a bhféadfadh do straitéis teacht fúthu:

- Machnamh an Scoláire a chur chun cinn
- Guth Uathúil an Scoláire a chur chun cinn
- Cabhrú leis na Scoláirí Aiseolas a fháil
- Éagsúlacht agus/nó Difreáil a chur chun cinn
- Straitéisí Foghlaim Ghníomhach
- Seomra Ranga Dialógach a chur chun cinn
- Eile

Is féidir tuilleadh tacaí chun cabhrú le do chinneadh a fháil ar an leathanach Straitéisí Ranga ar JCT.ie.

Ba chóir gur straitéis í an ceann a roghnaíonn tú a d'úsáid tú le rang nó le bliainghrúpa ar leith. Beidh an straitéis sin mar fhócas don chuid lárnach den lá foghlaim gairmiúil s'agat. Bain úsáid as an mbileog oibre thíos chun cabhrú le do phleanáil don lá.

## Tasc an Mhúinteora Aonair

Cén straitéis ranga atá aitheanta agat?

(Déan cur síos mionsonraithe ar do straitéis chun cabhrú le do chomhghleacaithe í a úsáid má roghnaíonn siad é sin a dhéanamh.)

Cén phríomhfhoghlaim agus/nó toradh nó torthaí foghlama, nó cuid de thoradh foghlama, a d'éascaigh an straitéis ranga seo?

Cén briathar gnímh (nuair is cuí) a d'éascaigh sé?

An raibh an straitéis ranga seo mar chuid d'Aonad Foghlama? Más amhlaidh, mínigh cén áit dtéann sé laistigh den Aonad Foghlama.

Cén chaoi a bhfuil a fhios agat go raibh tionchar dearfach ag an straitéis ranga seo ar eispéiris foghlaimeoirí agus/nó ar thorthaí foghlaimeoirí? Cén fhianaise atá agat chun tacú leis an méid sin?

Ar ghníomhachtaigh an straitéis ranga seo aon cheann de na príomhscileanna / prionsabail / táscairí folláine?